Dáta	Leibhéal ranga Naíonáin Shóisearacha agus Naíonáin Shinsearacha	Ábhar Na hAmharcealaíona
Snáithe Fabraic agus Snáithín	**Snáithaonad** Cruthú i bhFabraic agus i Snáithín. Breathnú agus Freagairt.	
Teideal Feistis Explorer a Dhearadh do Mhurúcha agus do Mhurúcha Fir		
Cuspóir(í) Is é aidhm an phlean ceachta ná go gcuirfear ar chumas na leanaí buanna fabraice agus snáithín mar mheáin le haghaidh léiriú samhlaíoch a iniúchadh agus a fhionnachtain, agus iad ag dearadh feisteas mara le haghaidh murúiche nó murúch fir. Freagróidh siad do na priontaí a cruthaíodh sa rang trína bheith ag labhairt faoina s(h)aothar féin agus faoi shaothar na leanaí eile.		
Scileanna atá Riachtanach: Scileanna mínluaileacha.		

Cuspóir(í) foghlama	**Gníomhaíochtaí foghlama**
Ba chóir go gcuirfí ar chumas an linbh: Feisteas do Mhurúch nó do Mhurúch Fir a phlé agus a bhreithniú agus cur síos a dhéanamh air. Feisteas a chruthú leis an rogha fabraice agus snáithín atá ar fáil. An feisteas sin a ghliúáil ar an teimpléad don mhurúch/mhurúch fir faoi iamh. Breathnú ar an saothar agus freagairt dó.	**Labhairt agus plé:** Léigh scéal, e.g. “The Little Mermaid” (“An Mhaighdean Mhara Bheag”) chun spéis na leanaí a mhealladh. Taispeáin dóibh íomhánna den Mhaighdean Mhara Bheag agus den Rí Trident. Déan tobsmaointeoireacht leis na daltaí chun a smaointe a fháil ar dhearadh an fheistis don mhurúch nó don mhurúch fir. Déan plé ar na cineálacha éagsúla fabraice agus snáithín a bheadh oiriúnach d’fheisteas na murúiche nó na murúiche fir e.g. dathanna (e.g. duaithníocht); uigeacht (garbh, mín, crua, bog) – nithe a d’fhéadfaí a úsáid chun gainní, gruaig, eireaball etc. a léiriú; cineálacha ábhar (e.g. nádúrtha nó sintéiseach) **Cur chuige teagmhálach/obair i mbeirteanna/grúpobair** **Pleanáil agus dearadh:** Iarr ar na daltaí dathanna, cruthanna, uigeacht agus patrúin ábhair de chineálacha éagsúla a roghnú chun a bhfeisteas a chruthú. Tabhair do gach

	dalta teimpléad don mhurúch/mhurúch fir. Tabhair deis do na daltaí a bhfeisteas a leagan amach agus a shuí. A luaithe a bheidh siad sásta leis an dearadh, iarr orthu an feisteas a ghliúáil ar an teimpléad. Chun an ghníomhaíocht a chríochnú, líneoidh siad gruaig agus gnéithe aghaidhe ar an murúch/murúch fir. Is féidir súile preabacha a chur leis. **Breathnú agus Freagairt:** Breathnú ar a s(h)aothar féin agus ar shaothar leanaí eile agus labhairt fúthu, labhairt faoin dóigh ar bhain sé/sí sult as an bhfeisteas a dhéanamh agus faoin rud is fearr leis/léi faoin saothar.
	Acmhainní Leabhar scéalta: “The Little Mermaid” (“An Mhaighdean Mhara Bheag”). Raon fabraicí agus snáithín, lena n-áirítear cuirtíní, tuáillí, éadaí soithí, éadaí, rópaí atá déanta as snáithíní nádúrtha agus sintéiseacha agus atá gearrtha ina méideanna agus ina gcruthanna éagsúla (beidh ort go leor píosaí a ghearradh chun go mbeidh rogha ábhar ar fáil do gach dalta nó do gach tábla). Maidí gliú, nó coimeádáin bheaga ghliú PVA agus spadal. Téada, ribíní nó coirníní móra chun an feisteas a phearsantú. Súile preabacha Teimpléad don Mhurúch/Mhurúch Fir (faoi iamh).
Difreáil Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.	

Measúnú Breathnú agus ceistiú ag an múinteoir.
Nascadh agus Comhtháthú Eolaíocht: Déan plé ar choincheap na duaithníochta agus ar an dóigh a mbaineann sí le hainmhithe mara. An mbeadh ar na daltaí dathanna difriúla a úsáid dá mbeadh gá leis an murúch/murúch fir a dhuaithniú chun go bhféadfadh sé/sí dul ó radharc creachadóirí? Béarla: Ceacht teanga scoite ó bhéal: Éadach téamaithe. Gaeilge: Éadach téamaithe

Teimpléad Explorers don Mhurúch/Mhurúch Fir

